Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine...

Má bhíonn ceist agat cuir glaoch ar Oifig an Chláir Náisiúnta Ionduchtaithe nó ar dhuine d'fhoireann an Chláir.

Oifig an Chláir Náisiúnta Ionduchtaithe
Coláiste Phádraig, Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9.
Fón: 01 884 2257
Ríomhphost: suzanne.stone@spd.dcu.ie

Foireann an Chláir
Comhordaitheoir Náisiúnta: Mary Burke
Fón: 01 884 2288/086 813 0997
Ríomhphost: mary.burke@spd.dcu.ie

Comhordaitheoir Réigiúnach: Veronica Behan
Fón: 087 126 0330
Ríomhphost: veronica.behan@spd.dcu.ie

Comhordaitheoir Réigiúnach: Kathryn Corbett
Fón: 087 624 7330
Ríomhphost: kathryn.corbett@spd.dcu.ie

An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí

Clár Ceardlann do Mhúinteoirí Nua-Cháilithe 2011-2012

NDP
NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Clár le haghaidh forbairt ghairmiúil is ea an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí, atá dírithe ar mhúinteoirí nua-cháilithe atá á bpromhadh. Tá sraith ceardlann curtha ar bun chun cabhrú leo a gcuid riachtanas a shásamh, de réir mar atá tagtha chun solais i dtaighde a rinneadh le linn na gcéimeanna píolótacha den chlár.

Múinteoirí a bhfuil taithí acu a chuireann na ceardlanna ar siúl ar bhonn áitiúil agus tá sé i gceist go mbeidís idir phraiticiúil agus idirghníomhach. Dírítear ar na topaicí/dúshláin a bhaineann le hobair na múinteoirí nua-cháilithe agus pléitear straitéisí a chabhróidh leo agus is féidir leo a chur i bhfeidhm sa seomra ranga i gcomhthéacsanna éagsúla.

Trí phlé, obair grúpa, rólimirt, cás-staidéir agus cásanna ar leith (scenarios), cuirtear na múinteoirí nua-cháilithe ag caint is ag comhrá le chéile agus ag malartú smaointe agus modhanna teagaisc. Maireann gach ceardlann dhá uair an chloig agus bronntar teastas tinrimh ar na múinteoirí nua-cháilithe ar chríochnú an chláir dóibh. Chun áit a chur in áirithe i gcomhair na gceardlann, déan teagmháil leis an Ionad Oideachais is cóngaraí duit. Tá liosta iomlán d'ionaid oideachais ar fáil ar shuíomh idirlín Chumann na Múinteoirí/Ionaid Oideachais na hÉireann (ATECI) **www.ateci.ie**.

Tá acmhainní ar fáil ar shuíomh idirlín an NIPT **www.teacherinduction.ie**. Ar na hacmhainní atá ann, tá: cáipéisí ina bhfuil treoirlínte do phleanáil ghearrthréimhseach agus pleanáil fhadtréimhseach; grianghraif de sheomraí ranga MNC; liosta de shuímh idirlín áisiúla a bhaineann le cúrsaí oideachais agus ailt faoi mhúineadh agus foghlaim.

Téarma a hAon: 12 Meán Fómhair 2011 – 2 Nollaig 2011

Ag obair go gairmiúil: cad atá i gceist ann?
Seo an chéad cheardlann i sraith ceardlann a reáchtáilfear chun deis a thabhairt do mhúinteoirí nua-cháilithe cíoradh agus machnamh a dhéanamh ar chuid de na ceisteanna a thagann chun cinn maidir le cúrsaí gairmiúlachta. Is iad na príomhghnéithe atá i gceist ann ná: ag obair le daoine fásta eile i dtimpeallacht ghairmiúil; aire a thabhairt don ghuth; Cóid iompair na Comhairle Múinteoireachta maidir le gairmiúlacht; sracléiriú ar riachtanais phromhaidh; cothromaíocht a bhaint amach idir obair agus aer an tsaoil.

Pleanáil agus Ullmhú: Cad atá ag teastáil?
Is é is aidhm leis an gceardlann seo ná cabhair a thabhairt do mhúinteoirí nua-cháilithe pleanáil a dhéanamh ar shlí níos fócasaithe, níos éifeachtaí agus níos fearastúla. Déanfar plé agus soiléiriú ar riachtanais maidir le pleanáil, ullmhú agus taifeadadh dul chun cinn. Bainfear leas as na treoirlínte a ghabhann le pleanáil fhadtréimhseach agus pleanáil ghearrthréimhseach sa cheardlann seo. Tá na treoirlínte sin ar fáil ar **www.teacherinduction.ie**. Beidh deis ag rannpháirtithe straitéisí a phlé agus a roinnt ann.

Bainistíocht agus Eagraíocht Ranga: cad air ar gá dom díriú?
Is é is aidhm leis an gceardlann seo ná raon straitéisí a mhúineadh do dhaoine ar féidir leo iad a chur ag obair sa seomra ranga d'fhonn timpeallacht foghlama agus múinteoireachta a chothú. Seo a leanas cuid de na hábhair a phléifear ann: córais éifeachtacha seomra ranga a bhunú, leagan amach an tseomra ranga a eagrú, limistéir thaispeántais agus chaithimh aimsire a shocrú, rialacha ranga agus pionóis a sheiftiú, ag dul ó thopaic go topaic, agus ag obair le daltaí a chríochnaíonn a gcuid oibre go luath. Beidh deis ag rannpháirtithe straitéisí a phlé agus a roinnt ann.

Ag Obair le Tuismitheoirí: Cad is dea-chleachtas ann?
Díreofar anseo ar na buntáistí a bhaineann le dea-chaidreamh a bheith ag duine le tuismitheoirí. Moltar do mhúinteoirí nua-cháilithe bheith ag obair go dlúth le tuismitheoirí agus tacú leo chun go mbainfidh daltaí dea-thorthaí foghlama amach. Déanfar cíoradh anseo, trí rólimirt, ar scileanna éifeachtacha cumarsáide agus straitéisí éifeachtacha chun dea-chaidrimh a chothú le daoine. Ceann de na rudaí is mó a mbeifear ag díriú orthu ná cruinnithe idir múinteoirí agus tuismitheoirí agus conas déileáil leo.

Cosaint Leanaí–Dea-chleachtas a chinntiú: Cén t-eolas atá uaim?
Bainfear úsáid as imlitir na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Cosaint Leanaí agus díreofar go sonrach ar cheanglais na dTreoirlínte um Chosaint Leanaí do Scoileanna (ROS). Déanfar plé ar na gnéithe is tábhachtaí de chuid na dtreoirlínte agus na rudaí is mó a chaithfidh a bheith ar eolas ag múinteoirí. Déanfar cíoradh freisin ar mhodhanna teagaisc a ghabhann le curaclam an SPHE d'fhonn cleachtas ranga a fheabhsú.

Measúnú Praiticiúil sa seomra ranga: conas is féidir tabhairt faoi?
An aidhm atá leis an gceardlann seo ná a chur ar chumas na múinteoirí nua-cháilithe modhanna measúnaithe a úsáid le haghaidh réimsí éagsúla den churaclam. Is iad Treoirlínte Measúnaithe an NCCA príomhfhráma tagartha na ceardlainne. Gheobhaidh rannpháirtithe deis ceisteanna a chur, samplaí oibre a thaispeáint agus scrúdú a dhéanamh ar na bealaí inar féidir Fillteán Measúnaithe a chur i dtoll a chéile trí phleanáil éifeachtach, múineadh agus foghlaim sa seomra ranga.

Téarma a Dó: 23 Eanáir 2012 – 23 Márta 2012

An tIdirdhealú a chur i bhfeidhm: conas?
Is gá freastal ar riachtanais foghlama agus stíleanna foghlama éagsúla sa rang agus déanfar cíoradh sa cheardlann seo ar shamplaí agus smaointe praiticiúla chun tabhairt faoi sin, i dtreo is gur féidir idirdhealú a chinntiú ann. Beidh deis ag múinteoirí nua-cháilithe labhairt faoi chásanna éagsúla ranga agus machnamh agus plé a dhéanamh ar straitéisí éifeachtacha. Cuid thábhachtach den cheardlann seo is ea míreanna físe agus tagairtí do shuímh idirlín tábhachtacha maidir le hacmhainní.

Litearthacht: Ceacht Léitheoireachta a mhúineadh agus a bhainistiú – cad is dea-chleachtas ann?
Díreofar sa cheardlann seo ar an bpleanáil, an eagraíocht agus an múineadh a ghabhann le ceacht léitheoireachta, agus bainfear leas as téacsanna de chineálacha éagsúla. Is é an fráma tagartha don cheardlann seo ná LITERACY AND NUMERACY FOR LEARNING AND LIFE: An Straitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020.

An Ghaeilge sa Seomra Ranga: Straitéisí praiticiúla a chur i bhfeidhm - cad is dea-chleachtas ann?
Is é príomhchuspóir na ceardlainne seo deis a thabhairt do rannpháirtithe a bheith ag obair i ngrúpaí. Cuirfear béim ar úsáid na teanga agus ar struchtúr an cheachta sa Ghaeilge, ar an gcur chuige cumarsáideach, acmhainní, measúnú agus araile. Beidh deis ag na rannpháirtithe plé le cásanna difriúla a bhaineann le múineadh na Gaeilge.

Bainistiú iompraíochta: cad is dea-chleachtas ann?
Beifear ag cur anseo leis an méid a pléadh sa cheardlann ar Bhainistíocht Ranga sa chéad téarma. Féachfar le tuiscint a thabhairt do mhúinteoirí nua-cháilithe ar iompraíocht an duine sa rang, agus ar iompraíocht grúpa. Pléifear straitéisí agus scileanna is féidir a úsáid sa rang chun déileáil le hiompraíocht daoine ar bhealach dearfach onnghníomhach. Bainfear leas as Treoirlínte Iompraíochta an NEP le haghaidh na ceardlainne seo. An cháipéis atá i gceist ná Behavioural, Emotional and Social Difficulties: A Continuum of Support. Breathnófar ar chásanna ábhartha agus scrúdófar iad. Beidh deis ag rannpháirtithe aon cheisteanna atá ag déanamh tinnis dóibh féin a phlé sa cheardlann.

Cuimsiú: riachtanais éagsúla sa seomra ranga a shásamh – cad is dea-chleachtas ann?
Ceardlann idirghníomhach a bheidh sa cheardlann seo agus díreofar ar thimpeallacht an tseomra ranga agus ar phleanáil ranga i dtreo is gur féidir gach dalta sa rang a chur san áireamh. Déanfar cíoradh ar smaointe praiticiúla maidir le conas EAL a mhúineadh agus féachfar ar mhodhanna teagaisc atá an-oiriúnach don oideachas idirchultúrtha. Bainfear leas as Foireann Uirlisí na hÉagsúlachta de chuid an IILT chun na ceardlainne seo. Leagfar béim ar bheith ag obair le páistí a bhfuil riachtanais ar leith acu.

Uimhearthacht: dea-chleachtas a fhorbairt maidir le múineadh na matamaitice
Díreofar anseo ar phrionsabail dhea-chleachtais maidir le múineadh na matamaitice. Cuirfear béim ar leith ar fhorbairt scileanna ardoird smaointeoireachta agus ar an mianach atá in ICT taithí agus tuiscint daltaí a leathnú maidir le réimse na huimearthachta. Beidh deis ag rannpháirtithe straitéisí agus smaointe a phlé agus a roinnt le chéile ag an gceardlann seo.